

EBA/GL/2022/05

14 Meitheamh 2022

## Treoirlínte

---

ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil le bainistiú um chomhlíonadh agus ról agus freagrachtaí an Oifigigh um Chomhlíonadh AML/CFT faoi Airteagal 8 agus Caibidil VI de Threoir (AE) 2015/849

# 1. Oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe

---

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh a thabhairt murab amhlaidh, faoi 21.11.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2022/05" a úsáid. Daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil a ba chóir fógraí a chur isteach. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12)

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

---

### Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear leis na treoirlínte seo ról, cúraimí agus freagrachtaí an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT, an comhlachta bainistíochta agus an t-ardbhainisteoir atá i bhfeighil ar chomhlíonadh AML/CFT mar aon le beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha, dá dtagraítear in Airteagal 8, agus in Airteagal 45 agus Airteagal 46 de Threoir (AE) 2015/849.

6. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar institiúidí creidmheasa nó airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(1)(i) agus (iv) de Rialachán (AE) Uimh. 2015/849. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le gach struchtúr reatha comhlachta bainistíochta, beag beann ar an struchtúr boird a úsáidtear (struchtúr aonadach agus/nó débhoird agus/nó struchtúr eile) ar fud na mBallstát.

7. Úsáidtear na téarmaí “comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta” agus “comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta” ó thús deireadh na dtreoirlínte seo gan tagairt d’aon struchtúr rialachais sonrach, agus ba cheart glacadh le tagairtí don fheidhm bhainistíochta (feidhmiúcháin) nó don fheidhm mhaoirseachta (neamhfheidhmiúcháin) mar thagairt a bhfuil feidhm acu maidir le comhlachtaí nó comhaltaí an chomhlachta bainistíochta atá freagrach as an bhfeidhm sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Féadfaidh an dlí náisiúnta cuideachtaí forálacha ar leith maidir leis an gcomhlacht bainistíochta agus tá feidhm ag na treoirlínte seo gach dochar do na forálacha seo.

### Seolaithe

8. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údarais inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010. Dírithe freisin iad ar institiúid creidmheasa nó airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus 3(2) de Threoir (AE) 2015/849, ar oibreoirí earnála airgeadais iad a dtagraítear dóibh in Airteagal 4(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

### Sainmhíithe

9. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte seo ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2015/849. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

#### **Comhlacht bainistíochta**

ciallaíonn sé comhlacht nó comhlachtaí na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus a bhfuil sé de chumhacht acu straitéis, cuspóirí agus

---

treo foriomlán na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais a shocrú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht bhainistíochta, agus lena n-áirítear na daoine a stiúirann go héifeachtach gnó na hinstitiúide sin.

---

<b>An chomhlacht bainistíochta</b>	<b>ina fheidhm mhaoirseachta</b>	ciallaíonn sé an chomhlacht bainistíochta ag feidhmiú ina ról mhaoirseachta agus faireacháin ar chinnteoireacht lucht bainistíochta.
<b>An chomhlacht bhainistíochta</b>	<b>ina fheidhm</b>	ciallaíonn sé an chomhlacht bainistíochta ag feidhmiú ina ról mar bhainisteoir na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais ó lá go lá.

## 3. Cur chun feidhme

---

### An dáta iarratais

10. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 1 Nollaig 2022.

## 4. Treoirínite

---

### 4.1 Ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta sa chreat AML/CFT agus an ardbhainisteora atá freagrach as AML/CFT

11. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta freagrach as straitéis AML/CFT iomlán na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais a fhormheas agus as maoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme. Chuige sin, ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus taithe leordhóthanach aige i dteannta a chéile chun a bheith in ann na rioscaí ML/TF a bhaineann le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais a thuiscint, lena n-áirítear eolas ar an gcreat dlíthiúil agus rialúcháin náisiúnta a bhaineann le ML/TF a chosc.

#### 4.1.1 Ról an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta sa chreat AML/CFT

12. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta freagrach as maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata rialachais inmheánaigh agus rialaithe inmheánaigh chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a áirithiú i gcomhthéacs sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (ML/TF).

13. De bhreis ar na forálacha a leagtar amach i dtreoirínite na nÚdarás Faireacháin CSTE maidir le rialachas inmheánach<sup>2</sup>, de réir mar is infheidhme, ba cheart do chomhlacht bainistíochta instiúide creidmheasa nó airgeadais ina fheidhm mhaoirseachta:

- a) a bheith ar an eolas ar thorthaí an mheasúnaithe riosca ML/TF ar fud na gnólachta;
- b) maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar a mhéad atá beartais agus nósanna imeachta AML/CFT leordhóthanach agus éifeachtach i bhfianaise na rioscaí ML/TF a bhfuil an instiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta orthu agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar bearta feabhais nuair is gá;
- c) uair sa bhliain ar a laghad, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil ghníomhaíochta an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT agus nuashonruithe eatramhacha a fháil níos minice maidir le gníomhaíochtaí a fhágann an instiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta ar rioscaí ML/TF níos airde;
- d) uair sa bhliain ar a laghad, measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na feidhme comhlíonta AML/CFT, lena n-áirítear trí chonclúidí aon iniúchtaí inmheánacha agus/nó seachtracha a bhaineann le AML/CFT a d'fhéadfadh a bheith déanta a chur san áireamh, lena

---

<sup>2</sup> Treoirínite ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/EU: EBA/GL/2021/05; Treoirínite ESMA ar ghnéithe áirithe de riachtanais na feidhme comhlíonta MiFID II: ESMA35-36-1946; Treoirínite EIOPA ar an gcóras rialachais: EIOPA-BoS-14/253 EN

n-áirítear maidir le hoiriúnacht na n-acmhainní daonna agus teicniúla a leithdháiltear ar an oifigeach comhlíonta AML/CFT.

14. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a áirithiú go bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas ag an gcomhalta den chomhlacht bainistíochta dá dtagraítear i roinn 4.1.3. nó i gcás inarb infheidhme an t-ardbhainisteoir dá dtagraítear i roinn 4.1.4., atá freagrach as na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Treoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh:

- a) an t-eolas, na scileanna agus an taithí is gá chun na rioscaí ML/TF a bhfuil an institiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta orthu a shainiú, a mheasúnú agus a bhainistiú, agus chun beartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT a chur chun feidhme;
- b) tuiscint mhaith ar mhúnla gnó na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais agus ar an earnáil ina n-oibríonn sí agus a mhéid a fhágann an múnla gnó seo an institiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta ar rioscaí ML/TF;
- c) bheith curtha ar an eolas in am trátha maidir le cinntí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na rioscaí a mbíonn an institiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta orthu.

15. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta ar shonraí agus ar fhaisnéis atá leordhóthanach agus ar cháilíocht leordhóthanach chun go bhféadfaidh sé a fheidhmeanna AML/CFT a chomhlíonadh go héifeachtach agus go gcuirfí san áireamh iad. Ar a laghad, ba cheart go mbeadh rochtain thráthúil agus dhíreach ag an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta ar thuarascáil ghníomhaíochta an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT, ar thuarascáil na feidhme iniúchta inmheánaigh, ar thorthaí agus ar bharúlacha na n-iniúcháirí seachtracha, i gcás inarb infheidhme, chomh maith le torthaí an údaráis inniúil, cumarsáid ábhartha leis an FIU agus na bearta nó smachtbhannaí maoirseachta a forchuireadh.

#### **4.1.2 Ról an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta sa chreat AML/CFT**

16. Maidir le beartais inmheánacha, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus in Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart do chomhlacht bainistíochta institiúide creidmheasa nó airgeadais an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a) an struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil iomchuí agus éifeachtach a chur chun feidhme is gá chun an straitéis AML/CFT arna glacadh ag an gcomhlacht bainistíochta a chomhlíonadh, ag tabhairt aird ar leith ar an údarás leordhóthanach agus ar oiriúnacht na n-acmhainní daonna agus teicniúla arna leithdháileadh ar fheidhm an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT, lena n-áirítear an gá atá le haonad AML/CFT tiomnaithe chun cabhrú leis an oifigeach comhlíonta AML/CFT;
- b) a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta inmheánacha AML/CFT;

- c) athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil ghníomhaíochta an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT, go bliantúil ar a laghad;
- d) tuairisciú AML/CFT atá leordhóthanach, tráthúil agus mionsonraithe go leor don údarás iniúil a áirithiú;
- e) i gcás ina ndéantar feidhmeanna oibríochtúla an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT a sheachfhoinsiú, a áirithiú go gcomhlíontar treoirlínte Údarás Faireacháin CSTE ar shocruithe seachfhoinisithe<sup>3</sup> agus treoirlínte Údarás Faireacháin CSTE ar rialachas inmheánach<sup>4</sup>, i gcás inarb infheidhme, agus go bhfaighidh sé tuairisciú rialta ón soláthraí seirbhíse chun an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas.

#### **4.1.3 An comhalta den chomhlacht bainistíochta atá freagrach as AML/CFT a shainaitheint**

17. Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus taithí leordhóthanach ag an gcomhalta den chomhlacht bainistíochta atá le sainaitheint i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Threoir (AE) 2015/849 maidir le rioscaí ML/TF, agus maidir le cur chun feidhme beartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT, le tuiscint mhaith ar mhúnla gnó na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais agus ar an earnáil ina bhfeidhmíonn an instiúid creidmheasa nó airgeadais.

18. Ba cheart don chomhalta den chomhlacht bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 46(4) de Threoir (AE) 2015/849 dóthain ama a thabhairt agus dóthain acmhainní a bheith aige chun a dhualgais AML/CFT a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba chóir dó/di tuairisciú go cuimsitheach ar a chuid tascanna/a cuid tascanna mar atá luaite i gcuid 4.1.5. agus an comhlacht bainistíochta, ina fheidhm mhaoirseachta, a chur ar an eolas go rialta, nuair is gá agus gan moill mhíchuí.

#### **4.1.4 Bainisteoir sinsearach atá freagrach as AML/CFT a shainaitheint nuair nach bhfuil aon chomhlacht bainistíochta i bhfeidhm**

19. I gcás nach bhfuil aon chomhlacht bainistíochta i bhfeidhm, ba cheart don instiúid creidmheasa nó airgeadais bainisteoir sinsearach a cheapadh a bheidh freagrach ar deireadh thiar as na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a chur chun feidhme is gá chun Treoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh, agus go leor ama, acmhainní agus údarás aige/aici chun a chuid dualgas/a cuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach.

20. Ba cheart go mbeadh dóthain eolais, scileanna agus taithí ar rioscaí ML/TF, agus ar chur chun feidhme beartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT, ag an ardbhainisteoir dá dtagraítear i mír 19, mar aon le tuiscint mhaith ar mhúnla gnó na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais agus ar an earnáil ina bhfeidhmíonn an instiúid creidmheasa nó airgeadais. Ina

---

<sup>3</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinisithe: EBA/GL/2019/02; Treoirlínte ÚEÁPC maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalríomhaireachta seirbhíse: EIOPA-BoS-20-002; Treoirlínte ESMA maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalríomhaireachta seirbhíse: ESMA50-157-2403

<sup>4</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/EU, EBA/GL/2021/05 amhail an 2 Iúil 2021



theannta sin, ba cheart dóthain ama, acmhainní agus údaráis a thabhairt dó/di chun a chuid dualgas/a cuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach.

#### **4.1.5 Cúraimí agus ról an chomhalta den chomhlacht bainistíochta nó an t-ardbhainisteoir atá freagrach as AML/CFT**

21. Gan dochar d'fhreagracht fhoriomlán agus chomhchoiteann an chomhlachta bainistíochta, agus an comhalta den chomhlacht bainistíochta, nó an t-ardbhainisteoir dá dtagraítear i mír 17 agus i mír 19 á cheapadh, ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaitheint agus a chur san áireamh agus bearta a dhéanamh chun iad a sheachaint nó a mhaolú.

22. Ba cheart don chomhalta den chomhlacht bainistíochta, nó don ardbhainisteoir i gcás ina bhfuil sé ainmnithe, atá freagrach as AML/CFT a áirithiú go bhfuil an comhlacht bainistíochta iomlán, nó an ardbhainistíocht i gcás nach bhfuil aon chomhlacht bainistíochta i bhfeidhm, ar an eolas faoi thionchar rioscaí ML/TF ar a bpróifíl riosca ar fud an ghnó. Ar fhreagrachtaí chomhalta an chomhlachta bainistíochta, nó an ardbhainisteora i gcás ina bhfuil sé ainmnithe, atá freagrach as AML/CFT, i bhfianaise chomhlíonadh a gcúraim dá dtagraítear in Airteagal 46(4) de Threoir (AE) 2015/849, agus go háirithe maidir le cur chun feidhme beartas, rialuithe agus nósanna imeachta chun rioscaí ML/TF a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach dá dtagraítear in Airteagal 8 den Treoir sin, ba cheart go n-áireofaí na nithe seo a leanas ar a laghad:

- a) a áirithiú go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus bearta rialaithe inmheánaigh AML/CFT leordhóthanach agus comhréireach, ag cur san áireamh saintréithe na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais agus na rioscaí ML/TF a bhfuil sé neamhchosanta orthu;
- b) measúnú a dhéanamh leis an gcomhlacht bainistíochta an mbeadh sé iomchuí oifigeach comhlíonta AML/CFT ar leith a cheapadh ar leibhéal na bainistíochta, mar a dtagraítear dó i roinn 4.2.2.;
- c) tacú leis an gcomhlacht bainistíochta chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le haonad AML/CFT tiomnaithe chun cuidiú leis an oifigeach comhlíonta AML/CFT a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, ag cur scála agus castacht oibríochtaí na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais agus a neamhchosanta atá sí ar rioscaí ML/TF san áireamh. Ba cheart go mbeadh an saineolas, na scileanna agus an t-eolas riachtanach ag baill foirne san aonad seo chun cabhrú leis an oifigeach comhlíonta AML/CFT, ar cheart dó a bheith páirteach sa phróiseas earcaíochta;
- d) a áirithiú go ndéantar tuairisciú tréimhsiúil don chomhlacht bainistíochta ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT agus go gcuirtear faisnéis agus sonraí atá cuimsitheach agus tráthúil ar rioscaí ML/TF agus ar chomhlíonadh AML/CFT ar fáil don chomhlacht bainistíochta, rud atá riachtanach chun gur féidir leis an gcomhlacht bainistíochta an ról agus na feidhmeanna a thugtar ar iontaoibh dó a chomhlíonadh. Ba cheart go gcumhdódh faisnéis den sórt sin freisin caidreamh na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais leis an údarás inniúil náisiúnta agus cumarsáidí leis an FIU, gan dochar do rúndacht tuairisc ar idirbhearta

amhrasacha, agus aon chinntí a bhaineann le ML/TF ón údarás inniúil i gcoinne na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais lena n-áirítear bearta nó smachtbhannaí arna bhforchur;

- e) an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon cheisteanna agus sárúithe tromchúiseacha nó suntasacha AML/CFT agus bearta a mholadh chun iad a leigheas;
- f) a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT (i) ar an bhfaisnéis go léir is gá chun a chúraimí nó a cúraimí a chomhlíonadh, (ii) go bhfuil dóthain acmhainní daonna agus teicniúla agus uirlisí aige/aici chun na cúraimí a shanntar dó a chomhlíonadh go leordhóthanach, agus (iii) go bhfuil sé/sí ar an eolas go maith faoi na teagmhais a bhaineann le AML/CFT agus na heasnamh arna sainaithe ag na córais rialaithe inmheánaigh agus ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus, i gcás grúpaí, ag údaráis mhaoirseachta eachtracha.

23. Ba cheart gurb é an comhalta den chomhlacht bainistíochta, nó an t-ardbhainisteoir i gcás ina bhfuil sé ainmnithe, atá freagrach as AML/CFT an príomhphointe teagmhála don oifigeach comhlíonta AML/CFT laistigh den bhainistíocht. Ina theannta sin, ba cheart don chomhalta den chomhlacht bainistíochta, nó don ardbhainisteoir i gcás ina bhfuil sé ainmnithe, atá freagrach as AML/CFT a áirithiú go dtabharfar aghaidh go cuí ar aon ábhair inní AML/CFT atá ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT agus, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, go mbreithneofar iad go cuí ag an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta nó ag an ardbhainistíocht i gcás inarb infheidhme. Má chinneann an comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta nó an t-ardbhainistíocht i gcás inarb infheidhme gan moladh an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT a leanúint, ba cheart dóibh údar cuí a thabhairt lena gcinneadh agus é a thairgeadh i bhfianaise na rioscaí agus na n-ábhar inní a d'ardaigh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT. I gcás teagmhais shuntasach, ba cheart go mbeadh rochtain dhíreach ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta.

## 4.2 Ról agus freagrachtaí an oifigigh comhlíonta AML/CFT

### 4.2.1 Oifigeach comhlíonta AML/CFT a cheapadh

24. Agus cinneadh á dhéanamh cibé an gceapfar oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart don chomhlacht bainistíochta scála agus castacht oibríochtaí na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais agus a neamhchosaint ar rioscaí ML/TF a chur san áireamh, de bhun na gcritéar atá leagtha amach i roinn 4.2.2.

25. Ba cheart an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a cheapadh ar leibhéal na bainistíochta. Ba cheart go mbeadh údarás leordhóthanach aige/aici chun na bearta uile is gá nó is iomchuí a mholadh, ar a thionscnamh féin, chun comhlíonadh agus éifeachtacht na mbeart inmheánach AML/CFT a áirithiú don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus bhainistíochta.

26. I gcás ina gceapfar oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a chinneadh cibé an gcomhlíonfar

an ról sin ar bhonn lánaimseartha nó an bhféadfadh fostaí nó ag oifigeach é a chur i gcrích de bhreis ar na feidhmeanna atá aige nó aici laistigh den institiúid creidmheasa nó airgeadais.

27. I gcás ina bhfuil feidhmeanna an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT le cur ar iontaoibh oifigigh nó fostaí a bhfuil dualgais nó feidhmeanna eile aige/aici cheana féin laistigh den institiúid creidmheasa nó airgeadais, ba cheart don chomhlacht bainistíochta coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaithe agus a bhreithniú agus na bearta is gá a dhéanamh chun iad seo a sheachaint, nó mura bhfuil sé sin indéanta, chun iad a bhainistiú. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú gur féidir leis an duine sin go leor ama a leithdháileadh ar fheidhmeanna an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT.

28. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT é féin a chur ar fáil don údarás inniúil agus don FIU arna iarraidh sin dó, agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh sé ar conradh agus ag obair sa tír ina bhfuil an institiúid creidmheasa nó airgeadais bunaithe.

29. I gcás ina bhfuil sé ar cóimhéid leis an riosca ML/TF a bhfuil an institiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta orthu agus a mhéid a cheadaítear é sin faoin dlí náisiúnta, féadfar an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a chur ar conradh chun dul i mbun oibre i ndlínse eile. Sna cásanna sin ba cheart go mbeadh na córais agus na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ar an bhfaisnéis agus ar na córais ar fad is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh agus go mbíonn sé ar fáil chun labhairt leis an FIU áitiúil agus leis an údarás inniúil gan mhoill. Ba cheart go mbeadh an institiúid creidmheasa nó airgeadais in ann a léiriú dá údarás inniúil go bhfuil na bearta atá curtha i bhfeidhm aici maidir leis sin leordhóthanach agus éifeachtach.

30. Ba cheart go mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT in ann a chuid cúraimí/a cuid cúraimí a shannadh agus a tharmligean mar atá leagtha amach i roinn 4.2.4. d'oifigigh agus d'fhostaithe eile a ghníomhaíonn faoina threoir agus faoina mhaoirsiú/faoina treoir agus faoina maoirsiú, ar choinníoll go bhfanann an fhreagracht deiridh as na cúraimí sin a chomhlíonadh go héifeachtach ar an oifigeach comhlíonta AML/CFT.

31. Ba cheart go mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ina chuid den dara líne cosanta agus, mar sin, ina chuid d'fheidhm neamhspleách, agus ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- a) Ba cheart go mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT neamhspleách ar na línte gnó nó na haonaid ghnó a rialaíonn sé/sí agus ní féidir leis/léi a bheith faoi cheannas duine atá freagrach as aon cheann de na línte nó na haonaid ghnó sin a bhainistiú.
- b) Tá nósanna imeachta inmheánacha curtha i bhfeidhm ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais lena chinntiú go mbíonn rochtain dhíreach gan srian i gcónaí ag an oifigeach comhlíonta AML/CFT ar an bhfaisnéis go léir atá riachtanach chun a fheidhm/a feidhm a chomhlíonadh. Ba cheart gur cinneadh don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT amháin é cén fhaisnéis a chaithfidh sé/sí a rochtain ina leith seo.

- c) I gcás teagmhas suntasach, ba cheart go mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT in ann tuairisc a thabhairt agus rochtain dhíreach a bheith aige ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta nó ar an ardbhainistíocht i gcás nach bhfuil aon chomhlacht bainistíochta i bhfeidhm.

#### 4.2.2 Critéir chomhréireachta chun oifigeach comhlíonta AML/CFT ar leith a cheapadh

32. Ba cheart d’institiúid creidmheasa nó airgeadais oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ar leith a cheapadh mura trádálaí aonair í nó mura bhfuil ach líon an-teoranta fostaithe aige nó mura dtugann na cúiseanna atá leagtha amach i mír 33 údar maith leis an neamhcheapadh.

33. Nuair a chinneann an comhlacht bainistíochta gan oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ar leith a cheapadh, ba cheart go mbeadh údar maith leis na cúiseanna agus go ndéanfaí iad a dhoiciméadú, agus go ndéanfaí tagairt go sainráite do na critéir seo a leanas ar a laghad:

- a) cineál gnó na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais agus na rioscaí ML/TF a bhaineann leis sin, ag cur san áireamh a neamhchosaint gheografach, a bonn custaiméirí, bealaí dáileacháin agus na táirgí agus na seirbhísí a thairgeann sí;
- b) méid a oibríochtaí sa dlínse, líon a chustaiméirí, líon agus méid a idirbheart agus líon a fostaithe coibhéiseacha lánaimseartha;
- c) foirm dhlíthiúil na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais, lena n-áirítear cibé an bhfuil an institiúid creidmheasa mar chuid de ghrúpa.

34. I gcás nach gceaptar oifigeach comhlíonta AML/CFT ar leith, ba cheart don institiúid creidmheasa nó airgeadais feidhmiú chúraimí an oifigigh chomhlíonta AML/CFT a eagrú (féach thíos alt 4.2.4 ar *Thascanna agus ról an oifigigh chomhlíontachta AML/CFT*) ag an gcomhalta den chomhlacht bainistíochta dá dtagraítear i roinn 4.1.3 nó an ardbhainisteoir atá freagrach as AML/CFT dá dtagraítear i roinn 4.1.4, nó trí fheidhmeanna oibríochtúla a luaitear i roinn 4.2.6 a sheachfhoinsiú, nó trí mheascán de na roghanna roimhe seo.

35. Nuair a ghníomhaíonn an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT thar ceann dhá eintiteas nó níos mó laistigh den ghrúpa nó nuair a chuirtear cúraimí eile air, ba cheart don institiúid creidmheasa nó airgeadais a áirithiú go gceadóidh na ceapacháin iolracha sin don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach i gcónaí. Níor cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT oibriú d’eintitis éagsúla ach amháin má tá na heintitis ina gcuid den ghrúpa céanna. Mar gheall ar nádúr sonrach eárnáil na ngnóthas comhinfheistíochta, áfach, <sup>5</sup>d’fhéadfadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT roinnt cistí a sheirbhísiú.

---

<sup>5</sup> Ciallaíonn gnóthas comhinfheistíochta nó GC GCUI mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in úrrúis inaistrithe (GCUI) nó AIF mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1)(a) de Threoir 2011/61/AE.

### 4.2.3 Oiriúnacht, scileanna agus saineolas

36. Maidir le scagadh fostaithe dá dtagraítear in Airteagal 8(4)(a) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais, roimh an gceapachán, measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na cáilíochtaí seo a leanas ag an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT:

- a) an dea-cháil, an mhacántacht agus an t-ionracas atá riachtanach chun a fheidhm/a feidhm a chomhlíonadh;
- b) na scileanna agus an saineolas AML/CFT iomchuí, lena n-áirítear eolas ar an gcreat AML/CFT dlíthiúil agus rialála is infheidhme, agus cur chun feidhme bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT;
- c) eolas agus tuiscint leordhóthanach ar na rioscaí ML/TF a bhaineann le samhail ghnó na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais chun a fheidhm/a feidhm a chomhlíonadh go héifeachtach;
- d) taithí ábhartha maidir le rioscaí ML/TF a shainiú, a mheasúnú agus a bhainistiú; agus
- e) dóthain ama agus sinsearachta chun a fheidhmeanna/a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach, go neamhspleách agus go huathrialach.

37. Ba cheart do na hinstiúidí creidmheasa nó airgeadais a áirithiú go bhfeidhmíonn an fheidhm chomhlíonta AML/CFT ar bhonn leanúnach mar chuid dá bainistiú foriomlán ar leanúnachas gnó. Ba cheart go bhfreastalódh sé ar an bhféidearthacht go scoirfeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT dá fheidhmeanna agus go gcuirfí toscaire ar fáil a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí aige chun feidhmeanna an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT a ghlacadh i gcás ina bhfuil sé/sí as láthair ar feadh tréimhse ama nó ina gcuirtear ionracas an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT faoi amhras.

### 4.2.4 Tascanna agus ról an oifigh chomhlíontachta AML/CFT

38. Ba cheart ról agus freagrachtaí an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir.

#### a. Creat measúnaithe riosca a chur i dtoll a chéile

39. Maidir le riosca dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2015/849 a shainiú agus a mheasúnú, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT creat measúnaithe riosca ML/TF a chur i dtoll a chéile agus a chothabháil le haghaidh measúnachtaí riosca ML/TF ar fud an ghnó agus measúnachtaí aonair<sup>6</sup>.

40. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT torthaí an mheasúnaithe riosca ML/TF ar fud an ghnó agus measúnaithe aonair a thuairisciú don chomhlacht bainistíochta, trí chomhalta

---

<sup>6</sup> Treoirínte athbhreithnithe ÚBE ar thosca riosca ML/TF: EBA/GL/2021/02

den chomhlacht bainistíochta, nó don ardbhainisteoir atá freagrach as AML/CFT, nó go díreach, má mheasann sé/sí go bhfuil gá leis. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT na bearta atá le déanamh chun na rioscaí sin a mhaolú a mholadh don chomhlacht bainistíochta. Níor cheart seoladh táirge nó seirbhís nua nó athruithe suntasacha ar na cinn atá ann cheana, forbairt margaidh nua nó tabhairt faoi ghníomhaíochtaí nua a thionscnamh go dtí go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun na rioscaí gaolmhara a thuiscint agus a bhainistiú agus go gcuirfear chun feidhme iad go héifeachtach.

#### b. Polasaithe agus nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile

41. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú go gcuirtear beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm, go gcoimeádtar iad cothrom le dáta agus go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad ar bhonn leanúnach. Ba cheart go mbeadh na beartais agus na nósanna imeachta ar comhréir leis na rioscaí ML/TF atá sainaitheanta ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais. Ba cheart don oifigeach comhlíonta AML/CFT na nithe seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

- a) na beartais agus na nósanna imeachta AML/CFT atá le glacadh ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais, chomh maith leis na rialuithe agus na córais atá le cur chun feidhme faoi Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849, a leagan amach;
- b) a áirithiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta AML/CFT á gcur i bhfeidhm go héifeachtach ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais mar a mhínítear faoi roinn d ar Fhaireachán ar chomhlíonadh;
- c) a áirithiú go ndéantar beartais agus nósanna imeachta AML/CFT a athbhreithniú go rialta agus a leasú nó a nuashonrú nuair is gá;
- d) moltaí a dhéanamh faoi conas aghaidh a thabhairt ar aon athruithe ar cheanglais dhlíthiúla nó rialála nó ar rioscaí ML/TF chomh maith leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic le heasnaimh nó laigí arna sainaitheint trí ghníomhaíochtaí faireacháin nó maoirseachta.

42. Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a áireamh sna beartais, sna rialuithe agus sna nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2015/849:

- a) an mhodheolaíocht measúnaithe riosca ML/TF ar fud an ghnó agus aonair;
- b) dícheall cuí custaiméirí lena n-áirítear an ceann a sholáthraíonn treoirínte athbhreithnithe an ÚBE ar thosca riosca ML/TF<sup>7</sup>, agus próiseas glactha custaiméirí mar a mhínítear thíos i roinn c ar Chustaiméirí, go háirithe do chustaiméirí ardriosca;

---

<sup>7</sup> Treoirínte maidir le dícheall cuí custaiméirí agus na tosca ar cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a mheas agus an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí a bhaineann le caidrimh ghnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ("Treoirínte maidir le tosca riosca ML/TF") faoi Airteagail 17 agus 18(4) de Threoir (AE) 2015/849 á measúnú. EBA/GL/2021/02

- c) tuairisciú inmheánach (anailís ar idirbhearta neamhghnácha) agus STRanna a chur faoi bhráid an FIU;
- d) taifid a choinneáil; agus
- e) forálacha chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh AML/CFT mar atá i gcuid D maidir le Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh.

#### c. Custaiméirí, lena n-áirítear custaiméirí ardriosca

43. Ba cheart dul i gcomhairle leis an oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT sula ndéanfaidh an ardbhainistíocht cinneadh deiridh maidir le custaiméirí nua ardriosca a ghlacadh ar bord nó caidreamh gnó a chothabháil le custaiméirí ardriosca i gcomhréir le beartais inmheánacha AML/CFT riosca-bhunaithe na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais, agus go háirithe i gcásanna ina bhfuil gá go sainráite le formheas na hardbhainistíochta faoi Threoir (AE) 2015/849. Má chinneann an t-ardbhainistíocht gan comhairle an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT a leanúint, ba cheart di a cinneadh a thairfeadh go cuí agus aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a mbeartaíonn sí na rioscaí a d'ardaigh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a mhaolú.

#### d. Faireachán ar chomhlíonadh

44. Mar dhara líne cosanta, ba cheart go mbeadh an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT freagrach as faireachán a dhéanamh ar cibé an gcomhlíonann na bearta, na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an instiúid creidmheasa nó airgeadais oibleagáidí AML/CFT na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT maoirseacht a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm éifeachtach na rialuithe AML/CFT arna gcur i bhfeidhm ag línte gnó agus ag aonaid inmheánacha (an chéad líne chosanta).

45. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú go ndéantar an creat AML/CFT a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, agus in aon chás ina mbraitear easnaimh, ina dtagann rioscaí nua chun cinn nó ina n-athraítear an creat dlíthiúil nó rialúcháin.

46. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT bearta ceartaitheacha a mholadh don chomhlacht bainistíochta atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar laigí sainaitheanta i gcreat AML/CFT na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais, lena n-áirítear laigí arna sainaitheint ag údaráis inniúla nó ag iniúcháirí inmheánacha nó seachtracha.

#### e. Tuairisciú don chomhlacht bainistíochta

47. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta maidir le bearta atá le déanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na dlíthe, na rialacha, na rialacháin agus na caighdeáin is infheidhme, agus ba cheart dó/di a mheasúnú/a measúnú a chur ar fáil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil nó rialála ar ghníomhaíochtaí agus ar chreat comhlíontachta na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais.

48. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT aird chomhalta an chomhlachta bainistíochta nó an ardbhainisteora atá freagrach as AML/CFT a dhíriú ar:

- a) na réimsí inar cheart feidhmiú rialuithe AML/CFT a chur chun feidhme nó a fheabhsú;
- b) na feabhsuithe cuí a moladh i ndáil le pointe (a) thuas;
- c) tuarascáil ar dhul chun cinn aon chláir feabhais shuntasacha, uair sa bhliain ar a laghad mar chuid den tuarascáil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 50 agus ar bhonn ad hoc nó go tréimhsiúil, ag brath ar na feabhsuithe, chun faisnéis a sholáthar faoin leibhéal neamhchosanta ar rioscaí ML/TF, agus na bearta a glacadh nó a mholtar chun na rioscaí sin a laghdú agus a bhainistiú go héifeachtach;
- d) cibé an bhfuil na hacmhainní daonna agus teicniúla arna leithdháileadh ar an bhfeidhm chomhlíontachta AML/CFT leordhóthanach agus ar cheart iad a atreisiú.

49. Ní mór don institiúid creidmheasa nó airgeadais a bheith réidh chun cóip den tuarascáil gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 50 a roinnt leis an údarás inniúil.

50. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT tuarascáil gníomhaíochta a tháirgeadh ar bhonn bliantúil ar a laghad. Ba cheart go mbeadh an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí comhréireach le scála agus le cineál ghníomhaíochtaí na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais. Féadfaidh an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bheith bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis a seoladh cheana chuig na húdaráis inniúla náisiúnta i bhfoirm tuarascálacha eile. Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas ar a laghad sa tuairisc ghníomhaíochta:

1) Maidir leis an measúnú riosca ML/TF:

- a) achoimre ar phríomhthorthaí an mheasúnaithe riosca ML/TF ar fud an ghnó dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2015/849, i gcás ina ndearnadh nuashonrú den sórt sin le bliain anuas, agus deimhniú maidir le cibé ar éiligh an t-údarás inniúil go gcuirfí isteach é don bhliain tuairiscithe;<sup>8</sup>
- b) tuairisc ar aon athruithe a bhaineann leis an modh a úsáideann an institiúid creidmheasa nó airgeadais chun próifíl riosca an chustaiméara aonair a mheasúnú, ag cur béime ar an gcaoi a bhfuil an t-athrú sin ailínithe le measúnú riosca ML/TF ghnó uile na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais;
- c) custaiméirí a aicmiú de réir catagóir riosca, lena n-áirítear líon na gcomhad custaiméara de réir catagóir riosca a bhfuil athbhreithnithe agus nuashonruithe CDD le déanamh ina leith;
- d) faisnéis agus sonraí staitistiúla maidir le:
  - i) líon na n-idirbheart neamhghnách a braitheadh;

---

<sup>8</sup> Féach treoirínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF maidir le measúnuithe riosca a dhéanamh (EBA/GL/2021/02)



- ii) líon na n-idirbheart neamhghnách a ndearnadh anailís orthu;
- iii) líon na dtuairiscí ar idirbhearta nó ar ghníomhaíocht amhrasach chuig an FIU (de réir tír oibríochtaí);
- iv) líon na gcaidreamh le custaiméirí a scoir an institiúid creidmheasa nó airgeadais de bharr údair imní AML/CFT;
- v) líon na n-iarratas ar fhaisnéis a fuarthas ón FIU, ó na cúirteanna agus ó ghníomhaireachtaí um fhorghníomhú an dlí.

2) Ar acmhainní:

- e) cur síos gairid ar struchtúr eagraíochta AML/CFT agus, i gcás inarb iomchuí, ar aon athruithe suntasacha a rinneadh le bliain anuas agus ar an mbunréasúnaíocht;
- f) tuairisc achomair ar na hacmhainní daonna agus teicniúla arna leithdháileadh ar an bhfeidhm chomhlíontachta AML/CFT ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais;
- g) i gcás inarb infheidhme, liosta na bpróiseas AML/CFT arna bhfoinse allamuigh le tuairisc ar an maoirseacht a rinne an institiúid creidmheasa nó airgeadais ar na gníomhaíochtaí sin.

3) Ar bheartais agus nósanna imeachta:

- h) achoimre ar na bearta tábhachtacha a glacadh agus ar na nósanna imeachta a glacadh i rith na bliana, lena n-áirítear cur síos gairid ar na moltaí, na fadhbanna, na heasnamh agus na neamhrialtachtaí a sainithníodh i mbliain an tuairiscithe;
- i) tuairisc ar na gníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíonadh arna ndéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais ag fostaithe, gníomhairí, dáileoirí agus soláthraithe seirbhísí na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais, chomh maith le leordhóthanacht aon uirlisí faireacháin a úsáideann an institiúid creidmheasa nó airgeadais chun críoch AML/CFT;
- j) tuairisc ar na gníomhaíochtaí oiliúna AML/CFT a cuireadh i gcrích, agus ar an bplean oiliúna don bhliain seo chugainn;
- k) plean gníomhaíochtaí fheidhm an oifigigh chomhlíonta AML/CFT don bhliain dár gcionn;
- l) torthaí iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le AML/CFT agus aon dul chun cinn atá déanta ag an institiúid chreidmheasa nó airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin;
- m) gníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear cumarsáid leis an institiúid chreidmheasa nó airgeadais, arna ndéanamh ag an údarás inniúil, tuarascálacha arna gcur isteach, sáruithe arna sainaitheint agus smachtbhannaí arna bhforchur mar aon leis an gcaoi a bhfuil an institiúid chreidmheasa nó airgeadais ag tabhairt faoi na sáruithe a aithníodh a leigheas agus an chéim ag a bhfuil an ghníomhaíocht leasúcháin atá, gan dochar d'aon tuarascáil thréimhsiúil eile a

d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gcás gníomhaíochta maoirseachta nó gníomhaíochta leasúcháin.

#### f. Idirbhearta amhrasacha a thuairisciú

51. Maidir le hoibleagáid an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT faoi Airteagal 33(2) de Threoir (AE) 2015/849 faisnéis dá dtagraítear i mír (1) den Airteagal sin a tharchur, ba cheart dó a áirithiú go mbeidh ag comhaltaí foirne eile a lorgáitear a gcúnamh chun gnéithe den fheidhm seo a chomhlíonadh na scileanna, an t-eolas agus an oiriúnacht acu chun cabhrú leis an tasc sin. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar íogaíreacht agus rúndacht na faisnéise a d'fhéadfaí a nochtadh agus ar na hoibleagáidí rúndachta a gcaithfidh an institiúid creidmheasa nó airgeadais cloí leo.

52. Nuair a tharchuireann an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT faisnéis chuig an FIU i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart dó a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a tharchur i bhformáid agus trí mhodhanna a chomhlíonann aon treoirlínte arna n-eisiúint ag an FIU náisiúnta, ar bhealach éifeachtach. Mar chuid dá ról faoin bhforáil sin, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT:

- a) feidhmiú agus dearadh an chórais faireacháin idirbheart a thuiscint, lena n-áirítear cásanna a chumhdaítear i gcomhréir leis na rioscaí ML/TF a bhfuil an institiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta dóibh agus nósanna imeachta inmheánacha chun foláirimh a láimhseáil;
- b) tuarascálacha a fháil ó fhostaithe, gníomhairí nó dáileoírí na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais, nó tuairiscí arna nginiúint ar shlí eile ag córais na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais, ar eolas nó amhras faoi ML/TF, nó an raibh, an bhfuil nó an bhféadfadh baint a bheith ag duine le ML/TF;
- c) a áirithiú go ndéanfar na tuarascálacha sin a mheas go pras chun a chinneadh an bhfuil eolas nó amhras ann gur fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil lena n-áirítear ML/TF iad cistí, nó cibé an raibh, an bhfuil nó an bhféadfadh baint a bheith ag duine le ML/TF; ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT freisin próiseas tosaíochta a chinneadh, a dhoiciméadú agus a chur chun feidhme le haghaidh na dtuarascálacha inmheánacha a fhaightear ionas go ndéileálfar leis an bpráinn is gá le tuarascálacha inmheánacha maidir le cásanna ardriosca;
- d) agus measúnú á dhéanamh ar na tuarascálacha a fuarthas, taifead a choinneáil ar na meastóireachtaí go léir a rinneadh mar aon le haon aiseolas a fhaightear ón FIU ina dhiaidh sin chun feabhas a chur ar bhrath idirbheart amhrasach amach anseo;
- e) a chinntiú go ndéantar eolas nó amhras faoi ML/TF nó faoi nasc duine le ML/TF a thuairisciú go pras don FIU, agus cibé fórais, imeachtaí nó faisnéis agus doiciméadú a thíolacadh leis an tuarascáil de réir mar is gá chun an t-amhras nó cásanna ina bhfuil forais réasúnacha amhrasta a bhunú. ML/TF;
- f) freagairt phras agus uileghabhálach a áirithiú ar aon iarratas ar fhaisnéis arna déanamh ag an FIU; agus
- g) breithniú a dhéanamh go rialta ar na fáthanna nár cuireadh foláirimh maidir le gníomhaíocht nó idirbhearta neamhghnácha chun cinn mar thuarascálacha inmheánacha chun a chinneadh

an bhfuil aon cheisteanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu chun a chinntiú go mbraitear go héifeachtach gníomhaíocht nó idirbhearta amhrasacha.

53. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú go gcuirfidh rialuithe inmheánacha na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais ar a chumas aon treoir a sholáthraíonn an FIU a chomhlíonadh.

54. Ba cheart d'instiúidí creidmheasa nó airgeadais aird a mbainisteoirí agus a bhfostaithe a tharraingt ar an oibleagáid cloí go docht leis an toirmeasc ar chur in iúl don chustaiméir nó do thríú páirtithe go bhfuil anailís ML/TF ar bun nó go bhféadfaí tús a chur léi agus rochtain ar an bhfaisnéis sin a theorannú do na daoine a bhfuil sé de dhíth orthu chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Cé go bhfuil oibleagáid rúndachta infheidhme laistigh den instiúid creidmheasa nó airgeadais, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a mheas go cúramach fós cé dó laistigh den instiúid creidmheasa nó airgeadais a sholáthraítear faisnéis faoi aon tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid an FIU nó faoi aon iarratas ar fhaisnéis a fuarthas ón FIU. Ba cheart go mbeadh an nós imeachta tuairiscithe faoi rún agus ba cheart céannacht na ndaoine a bhfuil baint acu le hullmhú agus le cur ar aghaidh na tuarascála a chosaint faoin mbeartas príobháideachta.

#### g. Oiliúint agus feasacht

55. <sup>9</sup>I gcomhréir leis an oibleagáid faoi Airteagal 46(1) de Threoir (AE) 2015/849 agus mar atá sonraithe i dtreoirínte athbhreithnithe an ÚBE maidir le factóirí riosca ML/TF, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT an fhoireann a chur ar an eolas go cuí faoi na rioscaí ML/TF a bhfuil an instiúid creidmheasa nó airgeadais neamhchosanta dóibh, lena n-áirítear modhanna, treochtaí agus tíopeolaíochtaí ML/TF, chomh maith leis an gcur chuige riosca-bhunaithe arna chur chun feidhme ag an instiúid creidmheasa nó airgeadais chun na rioscaí sin a mhaolú. Is féidir go mbeadh foirmeacha éagsúla ag an bhfaisnéis seo, mar litreacha cuideachta, an t-inlíon, cruinnithe.

56. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar chur chun feidhme clár oiliúna leanúnach AML/CFT. I gcomhar le roinn acmhainní daonna na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais, ba cheart plean bliantúil oiliúna agus oideachais na foirne a dhoiciméadú agus tagairt a dhéanamh dó sa tuarascáil gníomhaíochta chuig an gcomhlacht bainistíochta de réir mhír 50.

57. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú go dtabharfar aird na foirne ar fad ar na nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha arna nglacadh ag an instiúid creidmheasa nó airgeadais.

58. I dteannta an oideachais ghinearálta, chun críocha Airteagal 46(1) de Threoir (AE) 2015/849, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT measúnú a dhéanamh ar na sainriachtanais oiliúna laistigh den instiúid creidmheasa nó airgeadais agus a áirithiú go bhfuil oiliúint leordhóthanach teoriciúil agus phraiticiúil á cur ar fáil do na daoine atá neamhchosanta i leith leibhéil éagsúla rioscaí ML/FT, amhail:

---

<sup>9</sup> Treoirlíne 6: *Oiliúint* ar threoirínte athbhreithnithe ÚBE ar thosca riosca ML/TF: EBA/GL/2021/02

- a) daoine atá ag obair san fheidhm chomhlíonta faoi fhreagracht an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT;
- b) daoine a bhíonn i dteagmháil le custaiméirí nó a bhfuil sé de chúram orthu a gcuid idirbheart a dhéanamh (fostaithe, gníomhairí agus dáileoirí);
- c) daoine atá freagrach as nósanna imeachta nó uirlisí inmheánacha a fhorbairt is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith íogair do riosca ML/TF.

59. Ba cheart inneachar na gclár oiliúna sonracha a sheachadtar do dhaoine a bhfuil leibhéal éagsúla neamhchosanta acu i leith rioscaí ML/TF acu a choigeartú ar bhonn riosca-íogair mar a thuiriscítear i dtreoirlínte athbhreithnithe an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF<sup>10</sup>.

60. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT táscairí measúnaithe a chinneadh chun éifeachtacht na hoiliúna a chuirtear ar fáil a sheiceáil.

61. I gcás ina nglacann an institiúid creidmheasa nó airgeadais clár oiliúna agus múscaillte feasachta arna fhorbairt thar lear, e.g. ag a oifig chláraithe nó ag a mháthairghnóthas, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú go gcuirfeadh an clár seo in oiriúint do na rialacha dlíthiúla agus rialála is infheidhme ar an leibhéal náisiúnta, agus maidir le tíopeolaíochtaí ML/TF agus gníomhaíochtaí sonracha na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais.

62. I gcás ina ndéantar gníomhaíochtaí oiliúna áirithe a sheachfhoinsiú do sholáthraí seirbhíse, ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a áirithiú (i) go bhfuil an t-eolas AML/CFT is gá ag an soláthraí seirbhíse chun cáilíocht na hoiliúna a bheidh le soláthar a ráthú, (ii) go bhfuil coinníollacha bainistíochta an tseachfhoinisithe socraithe agus go léirítear urraim orthu, agus (iii) go bhfuil ábhar na hoiliúna sin curtha in oiriúint do shainghnéithe na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais lena mbaineann.

#### **4.2.5 An gaol idir an fheidhm chomhlíonta AML/CFT agus feidhmeanna eile**

63. Ba cheart an fheidhm chomhlíonta agus an fheidhm chomhlíonta neamhspleách AML/CFT araon a bheith suite i ndara líne chosanta na n-institiúidí creidmheasa agus airgeadais.

64. I gcás ina bhfuil difríocht idir an fheidhm chomhlíonta AML/CFT agus an fheidhm chomhlíonta ghinearálta, de bhreis ar fhorálacha threoirlínte ÚME maidir le rialachas inmheánach<sup>11</sup> maidir le próiseas cinnteoireachta trédhearcach agus doiciméadaithe agus leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus údaráis laistigh dá chreat rialaithe inmheánaigh, ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais na forálacha atá leagtha amach sa chuid seo a chomhlíonadh.

---

<sup>10</sup> Treoirlíne 6: *Oiliúint* ar threoirlínte athbhreithnithe ÚBE ar thosca riosca ML/TF: EBA/GL/2021/02

<sup>11</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/EU: EBA/GL/2021/05; Treoirlínte ESMA ar ghnéithe áirithe de riachtanais na feidhme comhlíonta MiFID II: ESMA35-36-1946; Treoirlínte EIOPA ar an gcóras rialachais: EIOPA-BoS-14/253 EN

65. Níor cheart an fheidhm iniúcháireachta neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 8(4)(b) de Threoir (AE) 2015/849 a chomhcheangal leis an bhfeidhm um chomhlíonadh AML/CFT.

66. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an bhfeidhm bainistithe riosca, a mhéid atá feidhm bainistithe riosca ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais, agus, i gcás ina mbunófar í, ag an gcoiste riosca, ar fhaisnéis agus ar shonraí ábhartha is gá chun a ról a chomhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí ó fheidhmeanna ábhartha corparáideacha agus rialaithe inmheánaigh, amhail comhlíonadh AML/CFT.

67. Ba cheart comhar maith a bheith ann idir an ceannaire bainistíochta riosca agus an t-oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT chun faisnéis a mhalartú. Ba cheart don oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT comhoibriú leis an bhfeidhm riosca chun modheolaíochtaí AML/CFT a shocrú atá i gcomhréir le straitéis bainistithe riosca na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais.

#### **4.2.6 Seachfhoinsíú feidhmeanna oibríochtúla an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT**

68. De bhreis ar threoirlínte ÚME maidir le seachfhoinsíú<sup>12</sup>, de réir mar is infheidhme, agus i gcás ina gceadaítear seachfhoinsíú feidhmeanna oibríochtúla an oifigh um chomhlíonadh AML/CFT faoin dlí náisiúnta, ba cheart d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais féachaint do na príomhphrionsabail seo a leanas:

- a. Is ar an institiúid creidmheasa nó airgeadais atá an fhreagracht deiridh as comhlíonadh na n-obleagáidí dlíthiúla agus rialála, cibé acu a dhéantar feidhmeanna sonracha a sheachfhoinsíú nó nach ndéantar.
- b. Ba cheart cearta agus oibleagáidí na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais agus an tsoláthraí seirbhíse a leithdháileadh go soiléir agus a leagan amach i gcomhaontú i scríbhinn.
- c. Ba cheart don institiúid chreidmheasa nó airgeadais atá ag brath ar shocrú seachfhoinsithe leanúint de bheith freagrach as faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil.
- d. Ba cheart go mbeadh seachfhoinsíú iongrúpa faoi réir an chreata rialúcháin céanna agus seachfhoinsíú chuig soláthraithe seirbhísí lasmuigh den ghrúpa.<sup>13</sup>
- e. Ní féidir le tarmligeán freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta a bheith mar thoradh ar sheachfhoinsíú feidhmeanna. Níor cheart cinntí straitéiseacha maidir le AML/CFT a sheachfhoinsíú. Áirítear ar na cinntí sin, go háirithe:
  - i. formheas an mheasúnaithe riosca ML/TF ar fud an ghnó;
  - ii. an cinneadh maidir le heagrú inmheánach chreat AML/CFT na hinstitiúide creidmheasa agus airgeadais;

<sup>12</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe: EBA/GL/2019/02; Treoirlínte ÚEÁPC maidir le seachfhoinsíú chuig soláthraithe néalríomhaireachta seirbhíse: EIOPA-BoS-20-002; Treoirlínte ESMA maidir le seachfhoinsíú chuig soláthraithe néalríomhaireachta seirbhíse: ESMA50-157-2403

<sup>13</sup> Pointe 27 de na codanna Cúlra de threoirlínte ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe an 25 Feabhra 2019: EBA/GL/2019/02

- iii. beartais agus nósanna imeachta inmheánacha AML/CFT a ghlacadh;
- iv. formheas na modheolaíochta a úsáidtear chun an riosca ML/TF a chinneadh a bhaineann le caidreamh gnó ar leith agus sannadh na próifíle riosca;
- v. formheas na gcritéar atá le húsáid ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais chun idirbhearta amhrasacha nó neamhghnácha a bhrath chun críocha faireacháin agus/nó tuairiscithe leanúnaigh.

Tá institiúidí creidmheasa agus airgeadais fós freagrach ar deireadh thiar as an gcinneadh idirbhearta amhrasacha a thuairisciú don FIU, lena n-áirítear cásanna ina ndéantar sainathint agus tuairisciú idirbheart amhrasach a sheachfhoinsiú.

69. Ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais an próiseas seachfhoinisithe a leanúint, mar atá leagtha amach i dtreoirínte an ÚBE maidir le socrú seachfhoinisithe, agus cúraimí oibríochtúla fheidhm an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT á seachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse. Áirítear leis sin rioscaí ábhartha a bhaineann leis an socrú seachfhoinisithe a shainathint agus a mheasúnú, an bonn cirt atá leis an gcinneadh seachfhoinisí i bhfianaise na gcuspóirí arna saothrú (cibé acu an bhfuil sé mar aidhm aige leithdháileadh optamach acmhainní AML/CFT a áirithiú ar fud an ghrúpa nó ar bhonn na gcritéar comhréireachta), dícheall cuí a dhéanamh ar an soláthraí seirbhíse ionchasach, agus an comhaontú seachfhoinisithe a chonrú.

70. Ba cheart don institiúid creidmheasa nó airgeadais a dhéanann cúraimí na feidhme comhlíonta AML/CFT a sheachfhoinsiú na nithe seo a leanas a chur ar iontaoibh a hoifigigh um chomhlíonadh AML/CFT:

- i) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an tsoláthraí seirbhíse chun a áirithiú go gcuirfidh an seachfhoinisithe ar chumas na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais a cuid oibleagáidí dlíthiúla agus rialála uile AML/CFT a chomhlíonadh;
- ii) rialú rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais a eascraíonn as an gcomhaontú ag an soláthraí seirbhíse. I gcomhréir leis an anailís dhoiciméadaithe, ba cheart go n-áiritheofaí leis an rialú rialta go gcuirfear modhanna ar fáil don fheidhm chomhlíonta AML/CFT chun tástáil agus faireachán a dhéanamh go rialta agus ó am go ham ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá de dhualgas ar an soláthraí seirbhíse. Maidir le sonraí an chustaiméara, ba cheart go mbeadh cearta rochtana ag an bhfeidhm chomhlíonta AML/CFT agus ag an údarás inniúil ar chórais/bhunachair shonraí an tsoláthraí seirbhíse;
- iii) tuairisciú ar an seachfhoinsiú chuig an gcomhlacht bainistíochta mar chuid de thuarascáil ghníomhaíochta an oifigigh um chomhlíonadh AML/CFT nó aon uair is gá sna himthosca, go háirithe ionas go gcuirfear aon bhearta leasúcháin is gá chun feidhme a luaithe is féidir.

71. I gcás nach bhfuil aon oifigigh nó fostaithe dá cuid féin ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais seachas comhlacht bainistíochta, féadfaidh sé an fheidhm chomhlíonta AML/CFT a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse. I gcásanna den sórt sin ba cheart go mbeadh an t-oifigeach

um chomhlíonadh AML/CFT ina oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT ag ceann de na soláthraithe seirbhíse a bhfuil taithí nó eolas aige ar an gcineál gníomhaíochta nó idirbheart a dhéanann an institiúid creidmheasa nó airgeadais.

72. I gcásanna ina bhfuil úsáid á baint ag an institiúid creidmheasa nó airgeadais as seachfhoinsiú ionghrúpa, ba cheart di, go háirithe, na bearta is gá a ghlacadh chun aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht as comhaontú seachfhoinsithe den sórt sin a shainaitheint agus a bhainistiú. Ba cheart do thuismitheoir eintiteas an ghrúpa:

- a) a áirithiú go mbunófar fardal de chásanna seachfhoinsithe AML/CFT ionghrúpa sna heintitis lena mbaineann, chun a chinneadh cén fheidhm a bhaineann leis an eintiteas dlíthiúil, agus go gcuirfear ar fáil go rialta é le haghaidh comhairliúcháin; agus
- b) a áirithiú nach gcuirfidh seachfhoinsiú ionghrúpa comhlíonadh a oibleagáidí AML/CFT i mbaol i gcás aon fhochuideachta, bhraipse nó chineál bunáochta eile.

73. Ba cheart go mbeadh seachfhoinsiú cúraimí a bhaineann le AML/CFT chuig soláthraithe seirbhíse atá bunaithe i dtríú tíortha faoi réir beart cosanta breise chun a áirithiú nach méadóidh an seachfhoinsithe, mar thoradh ar shuíomh an tsoláthraí seirbhíse, an riosca maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas dlí agus rialála nó comhlíonadh neamhéifeachtúil na gcúraimí seachfhoinsithe, ná nach gcuirfidh sé bac ar chumas an údaráis inniúil a chumhacht maoirseachta a fheidhmiú go héifeachtach maidir leis an tsoláthraí seirbhíse.

## 4.3 Eagrú na feidhme comhlíonta AML/CFT ag leibhéal an ghrúpa

### 4.3.1 Forálacha ginearálta maidir le comhthéacs an ghrúpa

74. Ba cheart don institiúid creidmheasa nó airgeadais a creat rialaithe inmheánaigh a oiriúnú do shainiúlacht a gnó, dá chastacht agus do na rioscaí a bhaineann leis, ag cur comhthéacs an ghrúpa san áireamh.

75. Ba cheart don institiúid creidmheasa nó airgeadais a áirithiú go bhfuil dóthain sonraí agus faisnéise ag an máthairghnóthas, i gcás inar institiúid creidmheasa nó airgeadais é, agus go bhfuil sé in ann an phróifíl riosca ML/TF ar fud an ghrúpa a mheasúnú, i gcomhréir le treoirlínte an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF.<sup>14</sup>

76. I gcás inar máthairghnóthas grúpa í an institiúid creidmheasa nó airgeadais, ba cheart dó a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ag gach comhlacht bainistíochta, líne ghnó agus aonad inmheánach, lena n-áirítear gach feidhm rialaithe inmheánaigh, chun go mbeidh sé in ann a dhualgais a chomhlíonadh. Ba cheart go n-áiritheofaí leis go háirithe go malartófar faisnéis leordhóthanach idir na línte gnó agus an fheidhm chomhlíonta AML/CFT, agus an fheidhm chomhlíonta i gcás inar feidhmeanna éagsúla iad, ar leibhéal an ghrúpa agus idir ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ar leibhéal an ghrúpa agus comhlacht bainistíochta na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais.

---

<sup>14</sup> Treoirlínte athbhreithnithe ÚBE ar thosca riosca ML/TF: EBA/GL/2021/02

### 4.3.2 Ról an chomhlachta bainistíochta maidir le AML/CFT ag leibhéal an ghrúpa

77. I gcás inar institiúid creidmheasa nó airgeadais é an máthairghnóthas agus mar sin gur eintiteas faoi oibleagáid é faoi Threoir (AE) 2015/849, ba cheart go gcuirfeadh a comhlacht bainistíochta na cúraimí seo a leanas i gcrích ar a laghad:

- a) d'fhonn cartagrafaíocht de na rioscaí ML/TF a bhfuil gach grúpeintiteas neamhchosanta i dóibh a bheith ann, áiritheoidh siad go ndéanfaidh na grúpeintitis a measúnuithe riosca ML/TF féin ar fud an ghnó ar bhealach comhordaithe agus bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann, ach go léireoidh siad ag an am céanna a gcuid sainiúlachtaí féin, ag cur san áireamh Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2015/849 agus treoirlínte athbhreithnithe an ÚBE maidir le tosca riosca ML/TF;<sup>15</sup>
- b) nuair a chuirtear ar an eolas é ag comhaltaí an ghrúpa bainistíochta grúpa nó ag an ardbhainisteoir atá freagrach as AML/CFT nó go díreach ag oifigeach comhlíonta AML/CFT an ghrúpa faoi ghníomhaíochtaí maoirseachta arna ndéanamh in eintitis den ghrúpa ag údarás inniúil, nó faoi easnaimh a shaináithnítear iontu, a áirithiú go gcuirfidh an fochuideachta nó an brainse bearta leasúcháin i gcrích ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

### 4.3.3 Riachtanais eagraíochtúla ag leibhéal an ghrúpa

78. Agus beartais agus nósanna imeachta ar fud an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 45 de Threoir (AE) 2015/849 á gcur chun feidhme, níor chóir do leasanna coinbhleachta, rud a chiallaíonn cúraimí ML/TF a ghineann riosca amhail an fheidhm thráchtála, idir máthairghnóthas creidmheasa nó airgeadais, ar eintiteas faoi oibleagáid é faoi Threoir (AE) 2015/849, agus fochuideachta nó brainse, comhlíonadh na gceanglas AML/CFT a chur i mbaol, agus ba cheart é a mhaolú.

79. Ba cheart don mháthairghnóthas creidmheasa nó airgeadais:

- a) comhalta dá chomhlacht bainistíochta nó bainisteoir sinsearach a bheidh freagrach as AML/CFT a ainmniú i measc na n-ardbhainisteoirí ar leibhéal an mháthairghnóthais, chomh maith le grúpoifigeach um chomhlíonadh AML/CFT;
- b) struchtúr comhordaithe eagraíochtúil agus oibríochtúil a bhunú ar leibhéal an ghrúpa ag a mbeidh dóthain cumhachta cinnteoireachta do bhainistíocht AML/CFT an ghrúpa chun an seasamh seo a dhéanamh éifeachtach maidir le rioscaí ML/TF a bhainistiú agus a chosc, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus leis an reachtaíocht intíre is infheidhme;
- c) nósanna imeachta inmheánacha AML/CFT an ghrúpa a fhorghnó agus a áirithiú go bhfuil siad ag teacht le struchtúr an ghrúpa agus le méid agus le saintréithe na n-institiúidí creidmheasa nó airgeadais a bhaineann leis;
- d) meicníochtaí rialaithe AML/CFT inmheánacha a bhunú ar leibhéal an ghrúpa;
- e) meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas agus nósanna imeachta AML/CFT ag leibhéal an ghrúpa; agus
- f) i gcás institiúid creidmheasa nó airgeadais a oibríonn brainsí nó fochuideachtaí ina tír féin, nó i mBallstát eile nó i dtríú tír, grúpoifigeach um chomhlíonadh AML/CFT a cheapadh mar

<sup>15</sup> Treoirlínte athbhreithnithe ÚBE ar thosca riosca ML/TF: EBA/GL/2021/02



chomhordaitheoir, chun a áirithiú i gcás eintitis uile an ghrúpa atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí airgeadais go gcuirfear chun feidhme beartas an ghrúpa agus na córais agus nósanna imeachta leordhóthanacha agus iomchuí chun ML/TF a chosc go héifeachtach.

80. Ba cheart go gcomhoibreodh oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT an ghrúpa go hiomlán le hoifigeach um chomhlíonadh AML/CFT gach eintitis.

81. Ba cheart go mbeadh na cúraimí seo a leanas ar a laghad ag oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT an ghrúpa:

- a) comhordú a dhéanamh ar an measúnú ar fud an ghnó ar na rioscaí ML/TF arna dhéanamh ar an leibhéal áitiúil ag eintitis an ghrúpa agus comhiomlánú a dtorthaí a eagrú chun tuiscint mhaith a bheith acu ar nádúr, ar dhéine agus ar shuíomh na rioscaí ML/TF, a bhfuil an grúpa ina iomláine neamhchosanta dóibh;
- b) measúnú riosca ML/TF ar fud an ghrúpa a dhréachtú. I ndáil leis sin, ba cheart do mháthairghnóthas an ghrúpa, ina chóras bainistíochta riosca ML/TF ar leibhéal an ghrúpa, rioscaí aonair eintitis éagsúla an ghrúpa agus na hidirghaolta a d'fhéadfadh a bheith acu a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar neamhchosaint an ghrúpa iomláin a chur san áireamh. I ndáil leis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí a bhfuil brainsí nó fochuideachtaí an ghrúpa atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchosanta orthu, go háirithe má tá ardriosca ML/TF acu;
- c) caighdeáin AML/CFT ar leibhéal grúpa a shainiú agus a áirithiú go gcomhlíonann beartais agus nósanna imeachta áitiúla, ar leibhéal an eintitis, an reachtaíocht agus na rialacháin AML/CFT is infheidhme maidir le gach eintiteas den ghrúpa ina aonar, agus go bhfuil siad ailínithe freisin leis na caighdeáin ghrúpa arna sainiú;
- d) gníomhaíochtaí na n-oifigeach éagsúil áitiúil um chomhlíonadh AML/CFT in eintitis oibríochtúla an ghrúpa a chomhordú chun a áirithiú go n-oibríonn siad go comhsheasmhach;
- e) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha AML/CFT an Aontais Eorpaigh ag na brainsí agus na bhfochuideachtaí atá lonnaithe i dtríú tíortha, go háirithe i gcás nach bhfuil na ceanglais maidir le ML/TF a chosc chomh dian leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/849;<sup>16</sup>
- f) beartais, nósanna imeachta agus bearta uile-ghrúpa a shocrú a bhaineann, go háirithe, le cosaint sonraí agus le comhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa chun críocha AML/CFT, i gcomhréir leis na forálacha dlí náisiúnta;
- g) a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha tuairiscithe ar idirbhearta amhrasacha ag eintitis an ghrúpa agus go roinneann siad faisnéis i gceart, lena n-áirítear an fhaisnéis gur comhdaíodh tuarascáil faoi idirbheart amhrasach (gan dochar do rialacha rúndachta náisiúnta i gcás inarb ann).

82. Ba cheart d'oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT an ghrúpa tuarascáil gníomhaíochta a sholáthar ar bhonn bliantúil ar a laghad agus í a chur faoi bhráid an ghrúpchomhlacht bainistíochta. I dteannta na bpointí a luaitear i mír 50, ba cheart, ar a laghad, na pointí seo a leanas ó na hoifigigh

---

<sup>16</sup> Le do thoil féach chomh maith Comhchaighdeáin Theicniúla Rialála ÚME maidir le cur chun feidhme beartas uile-ghrúpa AML/CFT i dtríú tíortha an 6 Nollaig 2017: JC 2017 25

um chomhlíonadh AML/CFT i mbrainsí agus i bhfochuideachtaí a bheith i dtuarascáil an ghrúpoifigigh um chomhlíonadh AML/CFT:

- a) staidreamh arna chomhdhlúthú ar leibhéal an ghrúpa, go háirithe maidir le neamhchosaint ar rioscaí agus gníomhaíochtaí amhrasacha;
- b) faireachán a dhéanamh ar rioscaí dúchasacha a tharla i bhfochuideachta nó brainse amháin agus i bhfochuideachtaí agus brainsí eile, agus anailís a dhéanamh ar thionchar rioscaí iarmharacha;
- c) athbhreithnithe maoirseachta, iniúchtaí inmheánacha nó seachtracha ar fhochuideachtaí nó ar bhainsí na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais lena n-áirítear na laigí tromchúiseacha a shainaithnítear i mbeartais agus i nósanna imeachta AML/CFT na hinstiúide creidmheasa nó airgeadais, agus na gníomhaíochtaí nó na moltaí le haghaidh bearta ceartaitheacha; agus
- d) faisnéis faoi stiúradh agus faoi mhaoirseacht na bhfochuideachtaí agus na mbrainsí le fócas speisialta ar na cinn atá lonnaithe i dtíortha ardriosca más infheidhme.

83. Ba cheart go mbeadh líne dhíreach tuairiscithe ag oifigeach um chomhlíonadh AML/CFT de chuid fochuideachta nó brainse le hoifigeach um chomhlíonadh AML/CFT an ghrúpa.

84. Ba cheart don ghrúpa a áirithiú go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm ailínithe le nósanna imeachta agus beartais an ghrúpa a mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta is infheidhme. Bunaithe ar na critéir chomhréireachta, ba cheart d'instiúidí creidmheasa nó airgeadais, i gcás inarb iomchuí, coistí (lena n-áirítear coiste comhlíontachta) den chomhlacht bainistíochta a bhunú ina fheidhm mhaoirseachta mar atá leagtha amach i Roinn 5 de threoirlínte athbhreithnithe an ÚBE maidir le rialachas inmheánach.<sup>17</sup>

---

<sup>17</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/EU: EBA/GL/2021/05